Parlaimint na hEorpa

*An Coiste um an gComhshaol, um Shláinte Phoiblí agus um Shábháilteacht Bia*

**2024/2718(RSP)**

# DRÉACHT-TAIRISCINT I gCOMHAIR RÚIN

ag leanúint as Ceisteanna i gComhair Freagra ó Bhéal B10-0000/2024 agus B10-0000/2024

de bhun Riail 142(5) de na Rialacha Nós Imeachta

ar Chomhdháil 2024 na Náisiún Aontaithe maidir leis an Athrú Aeráide i mBaki, an Asarbaiseáin (COP29)
(2024/2718(RSP))

**Antonio Decaro**
An Cathaoirleach – An Coiste um an gComhshaol, um Shláinte Phoiblí agus um Shábháilteacht Bia
**Lídia Pereira**
thar ceann an Ghrúpa PPE
**Javi López**
thar cheann an Ghrúpa S&D
**Emma Wiesner**
thar ceann an Ghrúpa Renew
**Lena Schilling**
thar ceann an Ghrúpa Verts/ALE
**Nikolas Farantouris**
thar ceann an Ghrúpa The Left

**B10-0000/2024**

**Rún ó Pharlaimint na hEorpa ar Chomhdháil 2024 na Náisiún Aontaithe maidir leis an Athrú Aeráide i mBaki, an Asarbaiseáin (COP29)**
**(2024/2718(RSP))**

*Tá Parlaimint na hEorpa,*

– ag féachaint do Chreat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide (UNFCCC) agus do Phrótacal Kyoto a ghabhann leis,

– ag féachaint don chomhaontú a glacadh ag an 21ú Comhdháil de chuid na bPáirtithe in UNFCCC (COP21) i bPáras an 12 Nollaig 2015 (Comhaontú Pháras),

– ag féachaint don 28ú Comhdháil de chuid na bPáirtithe in UNFCCC (COP28), don 18ú seisiún de Chomhdháil na bPáirtithe ag feidhmiú mar chruinniú na bPáirtithe i bPrótacal Kyoto (CMP18) agus don chúigiú seisiún de Chomhdháil na bPáirtithe ag feidhmiú mar Chruinniú na bPáirtithe i gComhaontú Pháras (CMA5), agus do Chomhshocrú Ghlaschú maidir leis an Aeráid a glacadh ag an 26ú Comhdháil de chuid na bPáirtithe in UNFCCC (COP26) i nGlaschú an 13 Samhain 2021,

– ag féachaint don chomhaontú a rinneadh ag an 27ú Comhdháil de chuid na bPáirtithe in UNFCCC (COP27) chun ciste sonrach a chruthú le haghaidh caillteanais agus damáiste (L&D), do bhunú, ag COP28, coiste idirthréimhseach maidir le hoibríochtú na socruithe nua cistiúcháin chun freagairt do L&D, agus ag féachaint do Líonra Santiago um Chaillteanas agus Damáiste,

– ag féachaint do rún uaithi an 21 Samhain 2023 ar Chomhdháil 2023 na Náisiún Aontaithe maidir leis an Athrú Aeráide in Dubai, Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha (COP28)[1],

– ag féachaint do rún uaithi an 25 Aibreán 2024 ar an Asarbaiseáin, go háirithe an brú faoi chois ar an tsochaí shibhialta agus cásanna an Dr Gubad Ibadoghlu agus Ilhamiz Guliyev[2],

– ag féachaint do Chlár Oibre 2030 na Náisiún Aontaithe don Fhorbairt Inbhuanaithe agus do na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe,

– ag féachaint do rún uaithi an 15 Meitheamh 2023 ar chur chun feidhme agus seachadadh na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe[3],

– ag féachaint do thuarascáil speisialta 2018 ón bPainéil Idir-Rialtasaigh ar an Athrú Aeráide (IPCC) maidir le téamh domhanda 1.5°C, dá thuarascáil speisialta maidir leis an athrú aeráide agus talamh, dá thuarascáil speisialta maidir leis na haigéin agus an crióisféar in aeráid atá ag athrú agus a shéú tuarascáil mheasúnachta (AR6),

---

[1] IO C, C/2024/4210, 24.7.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2024/4210/oj.
[2] Téacsanna arna nglacadh, P9_TA(2024)0369.
[3] IO C, C/2024/493, 23.1.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2024/493/oj.

– ag féachaint don Bhord Comhairleach Eolaíoch Eorpach maidir leis an Athrú Aeráide, dá thuarascáil an 18 Eanáir 2024 dar teideal *Towards EU climate neutrality*: *progress, policy gaps and opportunities* [I dtreo aeráidneodracht an Aontais: dul chun cinn, bearnaí beartais agus deiseanna] agus dá thuarascáil an 15 Meitheamh 2023 dar teideal *Scientific advice for the determination of an EU-wide 2040 climate target and a greenhouse gas budget for 2030-2050* [Comhairle eolaíoch maidir le sprioc aeráide uile-Aontais do 2040 agus buiséad i ndáil le gás ceaptha teasa do 2030-2050 a chinneadh],

– ag féachaint do Rialachán (AE) 2021/1119 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Meitheamh 2021 lena mbunaítear an creat chun aeráidneodracht a bhaint amach agus lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 401/2009 agus (AE) 2018/1999 (An Dlí Aeráide Eorpach)[4],

– ag féachaint do reachtaíocht an Aontais a glacadh le déanaí ina ndéantar beartais nithiúla ar fud na n-earnálacha éagsúla de spriocanna an Aontais i leith laghdú 55 % ar a laghad a dhéanamh ar ghlanastaíochtaí faoi 2030 i gcomparáid le leibhéil 1990 agus i dtreo sprioc cheangailteach an Aontais maidir le haeráidneodracht a bhaint amach faoi 2050 (an pacáiste 'Oiriúnach do 55'),

– ag féachaint do Chinneadh (AE) 2022/591 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Aibreán 2022 maidir le Clár Ginearálta Gníomhaíochta Comhshaoil an Aontais go dtí 2030[5],

– ag féachaint do rún uaithi an 28 Samhain 2019 ar an éigeandáil aeráide agus chomhshaoil[6],

– ag féachaint do theachtaireacht ón gCoimisiún an 6 Feabhra 2024 dar teideal *Securing our future – Europe's 2040 climate target and path to climate neutrality by 2050 building a sustainable, just and prosperous society* [Ár dtodhchaí a dhaingniú – Sprioc aeráide 2040 na hEorpa agus an chonair chun na haeráidneodrachta faoi 2050 lena dtógfar sochaí inbhuanaithe, chóir agus rathúil] (COM(2024)0063),

– ag féachaint do theachtaireacht ón gCoimisiún an 12 Márta 2024 dar teideal *EU Biodiversity Strategy for 2030 – protecting people and prosperity* [Rioscaí aeráide a bhainistiú – daoine agus rathúnas a chosaint] (COM(2024)0091),

– ag féachaint do theachtaireacht ón gCoimisiún an 24 Feabhra 2021 dar teideal *Forging a climate-resilient Europe – the new EU Strategy on Adaptation to Climate Change* [Eoraip atá seasmhach ó thaobh na haeráide de a chruthú – straitéis nua an Aontais Eorpaigh maidir le hOiriúnú don Athrú Aeráide] (COM(2021)0082),

– ag féachaint do rún uaithi an 17 Nollaig 2020 ar Straitéis an Aontais Eorpaigh maidir le hoiriúnú don athrú aeráide[7],

– ag féachaint do thuarascáil 2023 ar an mbearna astaíochtaí ó Chlár Comhshaoil na Náisiún Aontaithe (UNEP) an 20 Samhain 2023 dar teideal *Broken Record –*

[4] IO L 243, 9.7.2021, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/1119/oj.
[5] IO L 114, 12.4.2022, lch. 22, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2022/591/oj.
[6] IO L 232, 16.6.2021, lch. 28.
[7] IO L 445, 29.10.2021, lch. 156.

*Temperatures hit new highs, yet world fails to cut emissions (again)* [Taifead Sáraithe – Teochtaí ag an gcéim is airde riamh, ach teipeann ar an domhan astaíochtaí a laghdú (arís)], don tuarascáil 2023 uaidh ar an mbearna oiriúnúcháin an 2 Samhain 2023 dar teideal *Underfinanced. Underprepared – Inadequate investment and planning on climate adaptation leaves world exposed* [Tearcmhaoinithe. Neamhullmhaithe – Infheistíocht agus pleanáil neamhleor maidir le hoiriúnú don athrú aeráide lena bhfágtar an domhan neamhchosanta] agus a thuarascáil 2023 ar an mbearna táirgeachta an 8 Samhain 2023 dar teideal *Phasing down or phasing up? Top fossil fuel producers plan even more extraction despite climate promises* [Céimniú síos nó céimniú suas? Méadú ar eastóscadh beartaithe ag na mórtháirgeoirí breosla iontaise in ainneoin gealltanais aeráide],

– ag féachaint do thuarascáil sintéise UNFCCC an 14 Samhain 2023 maidir le rannchuiduithe arna gcinneadh go náisiúnta (NDCanna) faoi Chomhaontú Pháras,

– ag féachaint don achoimre ar an dara tuarascáil ón nGrúpa Saineolaithe Ardleibhéil Neamhspleách maidir le Maoiniú don Aeráid ó mhí na Samhna 2023 dar teideal *A climate finance framework: decisive action to deliver on the Paris Agreement* [Creat maoinithe chun dul i ngleic leis an athrú aeráide: gníomhaíocht chinntitheach chun Comhaontú Pháras a chur i gcrích],

– ag féachaint do Rialachán (AE) 2024/1787 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Meitheamh 2024 maidir le laghdú ar astaíochtaí meatáin in earnáil an fhuinnimh agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/942[8],

– ag féachaint do thuarascáil UNEP an 1 Nollaig 2023 dar teideal *An Eye on Methane: International Methane Emissions Observatory 2023 Report* [Meatán faoi Ghrinnbhreathnú: Tuarascáil 2023 ón bhFaireachlann Idirnáisiúnta um Astaíochtaí Meatáin] agus tuarascáil UNEP an 6 Bealtaine 2021 dar teideal *Global Methane Assessment: Benefits and Costs of Mitigating Methane Emissions* [Measúnú Domhanda Meatáin: Sochair agus Costais a bhaineann le hAstaíochtaí Meatáin a Mhaolú],

– ag féachaint do thuarascáil 2024 ón Rianaire Domhanda Meatáin ó mhí an Mhárta 2024 a d’fhoilsigh an Ghníomhaireacht Idirnáisiúnta Fuinnimh,

– ag féachaint do theachtaireacht ón gCoimisiún an 14 Deireadh Fómhair 2020 ar straitéis an Aontais chun astaíochtaí meatáin a laghdú (COM(2020)0663),

– ag féachaint don rún uaithi an 21 Deireadh Fómhair 2021 ar straitéis an Aontais chun astaíochtaí meatáin a laghdú[9],

– ag féachaint do thuarascáil ón Eagraíocht Dhomhanda Meitéareolaíochta an 19 Márta 2024 maidir le staid na haeráide domhanda in 2023,

– ag féachaint do Chlár Copernicus: an tSeirbhís um an Athrú Aeráide agus do thuarascáil ó 2023 uaithi ar Phríomhphointí na hAeráide Domhanda,

---

[8] IO L, 2024/1787, 15.7.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1787/oj.
[9] IO L 184, 5.5.2022, lch. 105.

– ag féachaint do Chlárlann Dhomhanda na nAstaíochtaí agus na gCúlchistí Breosla Iontaise,

– ag féachaint do thuarascáil UNEP an 18 Feabhra 2021 dar teideal *Making Peace with Nature: a scientific blueprint to tackle the climate, biodiversity and pollution emergencies* [Síocháin a dhéanamh leis an Dúlra: treoirphlean eolaíoch chun dul i ngleic leis na héigeandálaí aeráide, bithéagsúlachta agus truaillithe],

– ag féachaint do thuarascáil measúnachta domhanda an 25 Samhain 2019 ón Ardán Idir-Rialtasach maidir le Beartas Eolaíochta um Sheirbhísí Bithéagsúlachta agus Éiceachórais ar sheirbhísí bithéagsúlachta agus éiceachórais,

– ag féachaint do Chreat Domhanda Bithéagsúlachta Kunming-Montréal, a comhaontaíodh ag an 15ú cruinniú de Chomhdháil na bPáirtithe i gCoinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar an Éagsúlacht Bhitheolaíoch (COP15),

– ag féachaint do theachtaireacht ón gCoimisiún an 20 Bealtaine 2020 dar teideal *EU Biodiversity Strategy for 2030: Bringing nature back into our lives* [Straitéis Bhithéagsúlachta AE do 2030: An dúlra a thabhairt ar ais inár saol] (COM(2020)0380),

– ag féachaint do rún uaithi an 9 Meitheamh 2021 maidir le Straitéis Bhithéagsúlachta AE do 2030: An dúlra a thabhairt ar ais inár saol[10],

– ag féachaint don tuarascáil ar cheardlann chomhurraithe IPBES-IPCC an 10 Meitheamh 2021 maidir leis an mbithéagsúlacht agus leis an athrú aeráide,

– ag féachaint do rún uaithi an 6 Deireadh Fómhair 2022 ar mhóiminteam do na haigéin: chun rialachas agus bithéagsúlacht na n-aigéan a neartú[11],

– ag féachaint don chomhaontú faoi Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Dlí na Farraige i ndáil le bithéagsúlacht mhuirí a chaomhnú agus a úsáid go hinbhuanaithe i limistéir lasmuigh den dlínse náisiúnta (An Comhaontú maidir leis an mBithéagsúlacht Mhuirí i limistéir Lasmuigh den Dlínse Náisiúnta) a glacadh an 19 Meitheamh 2023,

– ag féachaint do Rialachán (AE) 2024/1991 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Meitheamh 2024 maidir le hathchóiriú an dúlra agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2022/869[12],

– ag féachaint dá seasamh an 10 Aibreán 2024 ar an togra ón gCoimisiún le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le Faireachán Ithreach agus Athléimneacht Ithreach (an Dlí maidir le Faireachán Ithreach) (COM(2023)0416)[13],

– ag féachaint do Rialachán (EU) 2024/… ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear creat deimhniúcháin de chuid an Aontais le haghaidh aistrithe carbóin,

---

[10] IO L 67, 8.2.2022, lch. 25.
[11] IO L 132, 14.4.2023, lch. 106.
[12] IO L, 2024/1991, 29.7.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1991/oj.
[13] Téacsanna arna nglacadh, P9_TA(2024)0204.

– ag féachaint do rún uaithi an 28 Aibreán 2021 maidir le cosaint ithreach[14],

– ag féachaint do thuarascáil ón nGníomhaireacht Eorpach Comhshaoil (EEA) an 4 Nollaig 2019 dar teideal *The European Environment - State and Outlook 2020* [Comhshaol na hEorpa - Staid agus Ionchas 2020], do mheasúnú ó EEA an 8 Meán Fómhair 2022 ar ionchasacht ithreacha na hEorpa ar mhaithe le gníomhú níos láidre ar son na haeráide, agus don chéad Mheasúnú Riosca Aeráide Eorpach ó EEA an 11 Márta 2024,

– ag féachaint do rún uaithi an 16 Meán Fómhair 2020 maidir le ról AE i ndáil le foraoisí an domhain a chosaint agus a athbhunú[15],

– ag féachaint do rún uaithi an 15 Meán Fómhair 2022 ar iarmhairtí triomaigh, dóiteáin agus feiniméin eile adhaimsire: iarrachtaí an Aontais a mhéadú chun an t-athrú aeráide a chomhrac[16],

– ag féachaint do Thuarascáil ar Fhorbairt Uisce an Domhain ó na Náisiún Aontaithe an 9 Bealtaine 2023 maidir le Comhpháirtíochtaí agus comhar le haghaidh uisce agus do Chomhdháil Uisce na Náisiún Aontaithe a tionóladh ón 22 go dtí an 24 Márta 2023, an chéad mhórchomhdháil de chuid na Náisiún Aontaithe ó 1977 i leith atá tiomnaithe do chúrsaí a bhaineann le huisce,

– ag féachaint do theachtaireacht ón gCoimisiún an 11 Márta 2020 dar teideal *A new Circular Economy Action Plan for a cleaner and more competitive Europe* [Plean Gníomhaíochta nua don Gheilleagar Ciorclach: Eoraip níos glaine agus níos iomaíche] (COM(2020)0098),

– ag féachaint do rún uaithi an 10 Feabhra 2021 ar an bPlean Nua Gníomhaíochta don Gheilleagar Ciorclach[17],

– ag féachaint do thuarascáil ón nGníomhaireacht Idirnáisiúnta um Fhuinneamh In-athnuaite ó mhí an Mheithimh 2023 dar teideal *World Energy Transitions Outlook 2023: 1.5 °C Pathway* [Ionchas maidir le hAistrithe Domhanda Fuinnimh 2023: An Chonair chuig 1.5 °C],

– ag féachaint do thuarascáil ón nGníomhaireacht Idirnáisiúnta Fuinnimh (IEA) ó mhí na Bealtaine 2021 dar teideal *Net Zero by 2050 – A Roadmap for the Global Energy Sector* [Neodracht Charbóin faoi 2050 – Treochlár don Earnáil Dhomhanda Fuinnimh] agus don nuashonrú a rinneadh uirthi i mí Mheán Fómhair 2023 dar teideal *Net Zero Roadmap: A Global Pathway to Keep the 1.5 °C Goal in Reach* [Conair Dhomhanda chun an Sprioc 1.5 °C a Choinneáil Inbhainte Amach],

– ag féachaint do thuarascáil speisialta IEA ó mhí na Bealtaine 2024 dar teideal *Strategies for Affordable and Fair Clean Energy Transitions* [Straitéisí d'Aistrithe Fuinnimh Ghlain Inacmhainne agus Córa] agus dá tuarascáil ó mhí an Mheithimh 2024 dar teideal *COP28 Tripling Renewable Capacity Pledge. Tracking countries' ambitions and*

[14] IO L 506, 15.12.2021, lch. 38.
[15] IO L 385, 22.9.2021, lch. 10.
[16] IO C 125, 5.4.2023, lch. 135.
[17] IO L 465, 17.11.2021, lch. 11.

*identifying policies to bridge the gap* [Gealltanas COP28 maidir le hAcmhainneacht Inathnuaite a Threisiú. Uaillmhianta na dtíortha a rianú agus beartais a shainaithint chun an bhearna a dhúnadh],

– ag féachaint do Rialachán (AE) 2018/1999 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 maidir le Rialachas an Aontais Fuinnimh agus na Gníomhaíochta Aeráide, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 663/2009 agus (CE) Uimh. 715/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Treoracha 94/22/CE, 98/70/CE, 2009/73/CE, 2010/31/AE, 2012/27/AE agus 2013/30/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Treoracha 2009/119/CE agus (AE) 2015/653 ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 525/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[18],

– ag féachaint do Chreat Sendai 2015-2030 na Náisiún Aontaithe um Laghdú Rioscaí Tubaiste,

– ag féachaint do thuarascáil 2023 ó Oifig na Náisiún Aontaithe um Laghdú Rioscaí Tubaiste (UNDRR) ar an Athbhreithniú Meántéarma ar Chur Chun Feidhme Chreat Sendai 2015-2030 um Laghdú Rioscaí Tubaiste,

– ag féachaint do Thuarascáil Measúnachta Domhanda UNDRR um Laghdú Rioscaí Tubaiste ó 2023,

– ag féachaint do rún uaithi an 15 Meitheamh 2023 maidir le Lá Eorpach d'íospartaigh na géarchéime aeráide domhanda[19],

– ag féachaint do thuarascáil ón Airmheán Comhpháirteach Taighde an 7 Meitheamh 2023 dar teideal *Impacts of climate change on defence-related critical energy infrastructure* [Tionchair an athraithe aeráide ar bhonneagar criticiúil fuinnimh a bhaineann le cosaint],

– ag féachaint don Chompás Straitéiseach um Shlándáil agus Chosaint a d'fhormheas an Chomhairle an 21 Márta 2022,

– ag féachaint do Threochlár um Athrú Aeráide agus Cosaint na Seirbhíse Eorpaí Gníomhaíochta Seachtraí (EEAS) ó mhí na Samhna 2020,

– ag féachaint do rún uaithi an 7 Meitheamh 2022 maidir le Treochlár SEGS um Athrú Aeráide agus Cosaint[20],

– ag féachaint do na conclúidí a glacadh ag an 66ú seisiún de Choimisiún na Náisiún Aontaithe um Stádas na mBan an 25 Márta 2022, dar teideal *Achieving gender equality and the empowerment of all women and girls in the context of climate change, environmental and disaster risk reduction policies and programmes* [Comhionannas inscne agus cumhachtú na mban agus na gcailíní uile a ghnóthú i gcomhthéacs an athraithe aeráide, beartais agus cláir maidir leis an gcomhshaol agus laghdú rioscaí

---

[18] IO L 328, 21.12.2018, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2018/1999/oj.
[19] IO C, C/2024/488, 23.1.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2024/488/oj.
[20] IO L 493, 27.12.2022, lch. 19.

tubaiste],

– ag féachaint do thuarascáil ón Rapóirtéir Speisialta an 26 Iúil 2022 ar chearta an duine a chur chun cinn agus a chosaint i gcomhthéacs an athraithe aeráide,

– ag féachaint do Rún um Chearta an Duine 41/21 na Náisiún Aontaithe an 12 Iúil 2019 dar teideal *Human Rights and Climate Change* [Cearta an Duine agus an Athrú Aeráide],

– ag féachaint do thuarascáil ó Rapóirtéir Speisialta na Náisiún Aontaithe ar chearta na bpobal dúchasach an 1 Samhain 2017 ar thionchair an athraithe aeráide agus an mhaoinithe don aeráid ar chearta na bpobal dúchasach agus do Dhearbhú Stócólm +50 na bPobal Dúchasach,

– ag féachaint do chonclúidí ón gComhairle maidir leis na hullmhúcháin don 28ú Comhdháil de chuid na bPáirtithe (COP28) in UNFCCC in Dubai, an 30 Samhain – an 12 Nollaig 2023,

– ag féachaint do thuarascáil speisialta 04/2023 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa an 15 Feabhra 2023 dar teideal *The Global Climate Change Alliance(+) – Achievements fell short of ambitions* [An Comhaontas Domhanda um an Athrú Aeráide(+) – Níor baineadh amach na huaillmhianta] agus do thuarascáil speisialta 18/2023 uaithi an 26 Meitheamh 2023 dar teideal *EU climate and energy targets – 2020 targets achieved, but little indication that actions to reach the 2030 targets will be sufficient* [Spriocanna aeráide agus fuinnimh AE – spriocanna 2020 bainte amach, ach is beag léiriú atá ann gur leor gníomhaíochtaí chun spriocanna 2030 a bhaint amach],

– ag féachaint do chonclúidí ón gComhairle an [...] maidir leis na hullmhúcháin don 29ú Comhdháil de chuid na bPáirtithe (COP29) in UNFCCC i mBaki an 11-22 Samhain 2024,

– ag féachaint do chonclúidí ón gComhairle an [...] maidir le maoiniú don aeráid i bhfianaise an 28ú Comhdháil de na Páirtithe (COP 29) in UNFCCC i mBaki an 11-22 Samhain 2024,

– ag féachaint do na ceisteanna a cuireadh ar an gCoimisiún agus ar an gComhairle maidir le Comhdháil 2024 na Náisiún Aontaithe maidir leis an Athrú Aeráide i mBaki, an Asarbaiseáin (COP29) (O-0000/2024 – B10-0000/2024 agus O-0000/2024 – B10-0000/2024),

– ag féachaint do Rialacha 142(5) agus 136(2) dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint don tairiscint i gcomhair rún ón gCoiste um an gComhshaol, um Shláinte Phoiblí agus um Shábháilteacht Bia,

A. de bhrí go bhfuil éigeandáil aeráide agus chomhshaoil fógartha ag Parlaimint na hEorpa agus go bhfuil gealltanas tugtha aici an bhagairt sin a chomhrac agus a shrianadh go práinneach;

B. de bhrí gur tháinig Comhaontú Pháras i bhfeidhm an 4 Samhain 2016;

C. de bhrí, de réir thuarascáil 2023 ó UNEP maidir le bearna astaíochtaí, trí NDCanna neamhchoinníollacha a rinneadh faoi Chomhaontú Pháras do 2030 a chur chun feidhme go hiomlán, go mbeadh ar chumas an domhain an t-ardú teochta a theorannú go 2.9 °C le linn an chéid seo; de bhrí go laghdófaí an t-ardú teochta go 2.5 °C trí NDCanna coinníollacha a chur chun feidhme go hiomlán;

D. de bhrí go luaitear i dtuarascáil sintéise 2023 ó UNFCCC ar NDCanna go meastar go mbeidh leibhéal iomlán na n-astaíochtaí gás ceaptha teasa (GCT) in 2030 2 % faoi bhun leibhéal 2019; de bhrí gurb é tátal IPCC, i gcásanna ina dteorannaítear an téamh go 1.5 °C, gur gá astaíochtaí GCT a bheith 43 % faoi bhun a leibhéil in 2019 faoi 2030;

E. de bhrí gur thíolaic an tAontas agus a Bhallstáit a nuashonrú ar NDC ina ngealltar go ndéanfar a nglanastaíochtaí GCT a laghdú 55 % ar a laghad faoi 2030 i gcomparáid le 1990;

F. de bhrí gur cuireadh i bhfios go láidir sa chéad athbhreithniú domhanda (GST) a tugadh chun críche in 2023 ag COP28, an géarghá atá le haghaidh a thabhairt ar ghéarchéimeanna domhanda idirnasctha an athraithe aeráide agus chailliúint na bithéagsúlachta sa chomhthéacs níos leithne maidir leis na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe a bhaint amach, chomh maith lena ríthábhachtaí atá sé, ar mhaithe le gníomhú inbhuanaithe ar son na haeráide, an dúlra agus na héiceachórais a chosaint, a chaomhnú, a athbhunú agus a úsáid go hinbhuanaithe;

G. de bhrí go bhfuil bithéagsúlacht mhuirí go mór i mbaol, in ainneoin go bhfuil ról uathúil agus ríthábhachtach ag na haigéin mar rialtóir aeráide;

H. de bhrí go bhfuil meatán freagrach as thart ar 30 % den ardú ar theochtaí domhanda ó bhí an réabhlóid thionsclaíoch ann;

I de bhrí go léirítear sa seachtú measúnú ó ECFE ar an dul chun cinn i dtreo sprioc UNFCCC maidir le maoiniú don aeráid go ndearna tíortha forbartha USD 115.9 billiún san iomlán a chur ar fáil in 2022 i maoiniú don aeráid do thíortha i mbéal forbartha;

J. de bhrí go dtugtar chun suntais i dtuarascáil 2023 ó UNEP ar an mbearna oiriúnúcháin go meastar gurb ionann an bhearna reatha sa mhaoiniú oiriúnúcháin agus USD 194 bhilliún go USD 366 bhilliún in aghaidh na bliana;

K. de bhrí go dtugann an Bord Comhairleach Eolaíoch Eorpach maidir leis an Athrú Aeráide chun suntais an gá atá le fóirdheontais dhíobhálacha do bhreoslaí iontaise a chéimniú amach go práinneach agus go hiomlán ar fud an Aontais;

*An t-athbhreithniú domhanda agus COP29 i mBaki*

1. ag tabhairt dá haire gurb é an toradh a bhí ar an gcéad GST ag COP28, ina n-aithnítear go bhfuil gá le laghdú 43 % faoi 2030 agus 60 % faoi 2035 a dhéanamh go domhain, go mear agus go marthanach ar astaíochtaí gás ceaptha teasa domhanda i gcoibhneas le leibhéal 2019 chun an téamh domhanda a theorannú go 1.5 °C gan aon taraimsiú nó le taraimsiú teoranta, lena ndéanfar astaíochtaí gás ceaptha teasa glan-nialasacha a bhaint amach faoi 2050;

2. ag tacú le hiarraidh ó COP28 ar na Páirtithe in UNFCCC rannchuidiú leis an iarracht dhomhanda ar acmhainneacht fuinnimh in-athnuaite a mhéadú faoi thrí ar fud an domhain agus meánráta bliantúil domhanda na bhfeabhsuithe éifeachtúlachta fuinnimh a dhúbailt faoi 2030;

3. ag tacú le hiarraidh ó COP28 ar na Páirtithe dlús a chur leis na hiarrachtaí ar chumhacht ghuail gan maolú a laghdú de réir a chéile, agus aistriú ó bhreoslaí iontaise i gcórais fuinnimh ar bhealach atá cóir, ordúil agus cothrom, d'fhonn dlús a chur le gníomhaíocht le linn na ndeich mbliana criticiúla seo, chun glan-nialasacht a bhaint amach faoi 2050, i gcomhréir leis an eolaíocht; ag athdhearbhú a hiarrata ar na Páirtithe uile oibriú chun conradh maidir le neamhleathadh breoslaí iontaise a fhorbairt;

4. á chur in iúl gur cúis bhuartha di fionnachtana thuarascáil 2023 ó UNEP maidir le bearna astaíochtaí ina luaitear go mbeadh téamh domhanda 2.9 °C i ndán don domhan trí NDCanna neamhchoinníollacha reatha a chur chun feidhme go hiomlán agus go mbeadh téamh domhanda 2.5 °C mar thoradh ar NDCanna coinníollacha a chur chun feidhme agus leanúint díobh faoi dheireadh an chéid;

5. á iarraidh ar na Páirtithe uile a spriocanna aeráide agus na beartais a ghabhann leo a mhéadú agus uaillmhian a NDCanna a ardú chun iarrachtaí a dhéanamh an méadú teochta a theorannú go 1.5 °C;

6. ag tathant ar na Páirtithe uile toradh a áirithiú ag COP29 le rialacha láidre le haghaidh sásraí comhoibritheacha faoi Airteagal 6 de Chomhaontú Pháras agus á iarraidh ar an Aontas agus ar a Bhallstáit ardleibhéal sláine aeráide a chosaint go docht, atá bunaithe ar an eolaíocht is fearr atá ar fáil, sa chaibidlíocht;

*Maoiniú idirnáisiúnta don troid i gcoinne an athraithe aeráide agus maoiniú inbhuanaithe*

7. ag tabhairt dá haire gurb iad an tAontas agus a Bhallstáit is mó a sholáthraíonn maoiniú poiblí don aeráid, agus gur shroich maoiniú uile an Aontais don aeráid EUR 28.5 billiún in 2022, an leibhéal is airde riamh;

8. ag tabhairt dá haire go ndearna tíortha forbartha USD 115.9 billiún san iomlán i maoiniú don aeráid a sholáthar agus a shlógadh do thíortha i mbéal forbartha in 2022, lenar sáraíodh sprioc bhliantúil USD 100 billiún UNFCC i maoiniú don aeráid den chéad uair, dhá bhliain tar éis na spriocbhliana 2020;

9. á iarraidh ar na Páirtithe uile sprioc nua chainníochtaithe chomhchoiteann tar éis 2025 maidir le maoiniú don aeráid a chomhaontú ag COP29 lena ngabhann coimircí chun an candam agus an creat ama comhaontaithe a bhaint amach;

10. ag tabhairt dá haire go bhfuil go leor tíortha atá leochaileach ó thaobh na haeráide de in anacair fiachais nó i mbaol suntasach anacra fiachais;

11. á mheas go bhfuil sé ríthábhachtach Clár Oibre Bridgetown a chur chun cinn gan mhoill; á iarraidh ar na mórinstitiúidí idirnáisiúnta airgeadais agus ar na bainc forbartha iltaobhacha uile a bpunanna agus a mbeartais iasachtaithe a ailíniú le Comhaontú Pháras;

12. á mheabhrú gurb iad breoslaí iontaise is cúis le breis agus 75 % de GCTanna uile agus, dá bhrí sin, gurb iad is mó a chuireann leis an athrú aeráide;

13. á chur in iúl gur oth léi gur fhan fóirdheontais fuinnimh iontaise san Aontas cobhsaí idir 2010 agus 2020, ag thart ar EUR 50 billiún in aghaidh na bliana, agus gur mhéadaigh siad fiú go EUR 123 bhilliún in 2022; á mheabhrú go gceanglaítear leis an 8ú Clár Gníomhaíochta Comhshaoil ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit 'sprioc-am a leagan síos chun deireadh a chur de réir a chéile le fóirdheontais do bhreoslaí iontaise i gcomhréir leis an uaillmhian an téamh domhanda a theorannú go 1.5 °C';

14. á chur in iúl gur cúis bhuartha di gur chaith rialtais ar fud an domhain USD 620 billiún in 2023 ar fhóirdheonú a dhéanamh ar úsáid breoslaí iontaise, ar méid é atá i bhfad níos mó ná an USD 70 billiún a caitheadh in 2023 ar thacaíocht d'infheistíochtaí fuinnimh ghlain atá dírithe ar thomhaltóirí; ag moladh do na Páirtithe uile deireadh a chur le gach fóirdheontas díreach agus indíreach do bhreoslaí iontaise a luaithe is féidir;

*Oiriúnú*

15. á chur i bhfios go láidir gur gá dlús a chur le gníomhaíocht oiriúnaithe laistigh den Aontas agus ar fud an domhain chun éifeachtaí diúltacha an athraithe aeráide agus chailliúint na bithéagsúlachta a íoslaghdú;

16. á chur in iúl gur geal léi an comhaontú ar an gcreat don sprioc dhomhanda maidir le hoiriúnú (GGA) ag COP28, eadhon Creat Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha um Athléimneacht Dhomhanda i leith na hAeráide; á thabhairt chun suntais gur gá torthaí intomhaiste a dhéanamh de GGA agus rianú a dhéanamh ar an dul chun cinn i dtreo an sprioc a bhaint amach;

17. á chur i bhfáth go bhfuil córais réamhrabhaidh ríthábhachtach d'oiriúnú éifeachtach agus á iarraidh go ndéanfar an tionscnamh maidir le Riosca Aeráide agus Córais Réamhrabhaidh (CREWS) a chur chun feidhme go mear;

*Caillteanas agus damáiste*

18. á chur in iúl gur geal léi an cinneadh a rinneadh ag COP28 an ciste caillteanais agus damáiste (L&D) a úsáid chun aghaidh a thabhairt ar thionchair eacnamaíocha agus neamheacnamaíocha an athraithe aeráide do thíortha i mbéal forbartha atá an-leochaileach agus chun freagairt dóibh;

19. ag athdhearbhú a hiarrata go mbeadh L&D ina mhír bhuan ar an gclár oibre ag COPanna, chun faireachán agus dul chun cinn a dhéanamh ar an tsaincheist sin, agus chun leas iomlán a bhaint as Líonra Santiago chun cúnamh teicniúil a spreagadh go héifeachtach chun aghaidh a thabhairt go leormhaith ar L&D;

*Rannpháirtíocht na ngeallsealbhóirí ag COP29*

20. á mheabhrú a thábhachtaí atá rannpháirtíocht na dtíortha uile i bpróisis chinnteoireachta UNFCCC; á iarraidh ar uachtaránacht COP29 agus ar na huachtaránachtaí a bheidh ann amach anseo rannpháirtíocht na dtíortha atá i mbéal forbartha agus na dtoscairí ó na tíortha is lú forbairt a chumasú ar bhealach níos fearr agus acmhainní breise a

leithdháileadh air sin;

21. á chur i bhfáth nach féidir spriocanna aeráide a bhaint amach gan tacaíocht agus rannpháirtíocht an phobail; á iarraidh ar na Páirtithe uile feasacht a mhúscailt maidir leis an athrú aeráide agus saincheisteanna gaolmhara, mífhaisnéis a chomhrac agus oibriú le hionadaithe poiblí chun tacaíocht phoiblí a fháil do bhearta maolúcháin agus oiriúnúcháin;

22. ag meabhrú an rúin uaithi an 25 Aibreán 2024 ar an Asarbaiseáin agus á iarraidh ar UNFCCC, ar na Páirtithe uile agus ar údaráis na hAsarbaiseáine rochtain chothrom ar COP29 agus rannpháirtíocht iomlán agus neamhshrianta a áirithiú do shaoránaigh agus d’eagraíochtaí na sochaí sibhialta uile; ag athdhearbhú a hiarrata ar Rúnaíocht UNFCCC critéir maidir le cearta an duine a fhorbairt nach mór do thíortha a bhfuil COPanna á n-óstáil acu amach anseo gealltanas a thabhairt ina leith mar chuid den chomhaontú óstach;

*Coinbhleacht leasa, trédhearcacht agus sláine*

23. á chur in iúl gur geal léi ullmhú na gcéad tuarascálacha trédhearcachta débhliantúla faoi Chomhaontú Pháras;

24. á chur in iúl gur cúis bhuartha di go raibh níos mó ná 2 400 de na brústocairí breosla iontaise a bhí i láthair ag COP28 ina bhfreastalaithe creidiúnaithe; á iarraidh ar UNFCCC agus ar an Páirtithe a áirithiú go ndéanfar an próiseas cinnteoireachta a chosaint ar leasanna a théann i gcoinne spriocanna Chomhaontú Pháras;

*Beartas aeráide an Aontais atá ailínithe le Comhaontú Pháras*

25. ag cur sonrú in NDC nuashonraithe an Aontais; á thabhairt chun suntais go ndéanfaidh reachtaíocht aeráide reatha an Aontais glanastaíochtaí GCT an Aontais a laghdú thart ar 57 % i gcomparáid le 1990;

26. á athdhearbhú gur gá an uaillmhian aeráide a phríomhshruthú i mbeartais uile an Aontais agus sna bearta lena dtrasuitear iad, agus á chur i bhfios go láidir go gcuireann Airteagal 6(4) den Dlí Aeráide Eorpach d’oibleagáid ar an gCoimisiún measúnú a dhéanamh ar chomhsheasmhacht aon dréachtbhirt nó aon dréacht-togra reachtaigh, lena n-áirítear tograí buiséadacha, le spriocanna aeráide an Aontais;

27. á iarraidh ar na Ballstáit agus ar an gCoimisiún a áirithiú go n-áireofar i bpleananna náisiúnta fuinnimh agus aeráide agus i straitéisí fadtéarmacha na mBallstát gníomhaíocht leordhóthanach agus acmhainní airgeadais leordhóthanacha chun spriocanna 2030 an Aontais a bhaint amach;

28. á chur i bhfáth go dtugann an staid gheopholaitiúil atá ann faoi láthair chun suntais a phráinní atá sé spleáchas an Aontais ar bhreoslaí iontaise a laghdú agus gur gá borradh a chur faoi úsáid foinsí in-athnuaite fuinnimh;

29. ag cur sonrú i gCinneadh ón gComhairle an 4 Márta 2024 ar fhormheas tharraingt siar an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach ón gConradh um Chairt Fuinnimh;

*An ghéarchéim aeráide agus chomhshaoil*

30. á chur i bhfios go láidir go bhfuil na géarchéimeanna aeráide agus bithéagsúlachta idirnasctha; ag cur béim ar a thábhachtaí atá sé an bhithéagsúlacht agus éiceachórais a chosaint, a chaomhnú agus a athbhunú agus acmhainní nádúrtha a bhainistiú ar bhealach inbhuanaithe chun an maolú ar an athrú aeráide atá bunaithe ar an dúlra a fheabhsú;

31. á aithint go ndéanann éiceachórais shláintiúla agus bithéagsúlacht shaibhir seirbhísí atá ríthábhachtach don bheatha a chur ar fáil, agus á thabhairt chun suntais go bhfuil an t-athrú aeráide ar cheann de na cúiseanna díreacha atá le cailliúint na bithéagsúlachta; á chur i bhfios go bhfuil athrú tagtha cheana féin ar éiceachórais talún, fionnuisce agus mhuirí ar fud an domhain mar gheall ar an athrú aeráide, rud is cúis le caillteanas speiceas agus leis an meath ar phríomhsheirbhísí éiceachórais;

32. á chur i bhfios go láidir go bhfuil raon leathan tairbhí maolúcháin agus oiriúniúcháin ag baint le caomhnú agus athbhunú éiceachóras ardcharbóin amhail tailte portaigh, bogaigh, tailte féaraigh agus éiceachórais charbóin ghoirm; á iarraidh ar an gCoimisiún mapáil na n-éiceachóras sin a fhorbairt agus modheolaíochtaí a fhorbairt chun cuntasaíocht a dhéanamh ar aistrithe carbóin agus ar astaíochtaí ó na héiceachórais sin;

33. á chur i bhfáth gur gá cearta agus leasanna na bpobal dúchasach agus na bpobal áitiúil a chosaint; á chur i bhfáth gur gá tacú le cosantóirí comhshaoil agus iad a chosaint;

34. á chur i bhfáth a thábhachtaí atá sé Creat Domhanda Bithéagsúlachta Kunming-Montreal a chur chun feidhme; á mheabhrú gur theip ar spriocanna Aichi a bhaint amach;

35. á chur in iúl gur geal léi gach iarracht atá á déanamh ag rialtais agus ag gníomhaithe neamhrialtasacha chun an leas is fearr is féidir a bhaint as ionchasacht na n-ithreacha chun an t-athrú aeráide a mhaolú agus chun infhaighteacht uisce a fheabhsú;

36. ag cur béim ar a thábhachtaí atá sé uisce agus éiceachórais a bhaineann le huisce a chosaint, a chaomhnú agus a athbhunú; á thabhairt chun suntais go bhfuil tionchair uafásacha chomhshaoil, shóisialta agus eacnamaíocha ag fairsingiú fásaigh, triomaigh, tuilte agus truailliú uisce;

37. á chur in iúl gur geal léi gur glacadh Conradh na Náisiún Aontaithe ar an Mórmhuir (an Comhaontú maidir leis an mBithéagsúlacht lasmuigh den Dlínse Náisiúnta); á iarraidh ar na Páirtithe leanúint den obair ar Idirphlé na Náisiún Aontaithe maidir leis na hAigéin agus leis an Athrú Aeráide; á chur i bhfáth go mbraitheann sásraí aeráide ar shláinte éiceachórais na n-aigéan agus na mara a bhfuil tionchar á imirt orthu ag an téamh domhanda, ag truailliú, ag róshaothrú na bithéagsúlachta muirí, ag aigéadú, ag dí-ocsaídiú agus ag creimeadh cósta;

38. á chur i bhfáth gur gá an truailliú plaisteach a chomhrac; á chur in iúl gur geal léi an obair leanúnach atá á déanamh ar an gConradh maidir le Plaistigh Dhomhanda;

*Iarrachtaí ar fud na n-earnálacha uile*

39. á chur in iúl gur geal léi go bhfuil an Gealltanas Domhanda maidir le Meatán sínithe ag

158 dtír go dtí seo; á iarraidh go ndéanfar measúnú cainníochtaithe eolaíochtbhunaithe ar an dul chun cinn atá déanta ó glacadh ag COP26 é;

40. á iarraidh freisin ar na Páirtithe uile spriocanna sonracha maidir le laghdú meatáin a áireamh ina NDCanna;

41. ag meabhrú Rialachán an Aontais maidir le hastaíochtaí meatáin a laghdú in earnáil an fhuinnimh a mbeidh feidhm aige, ón 1 Eanáir 2027, i leith hallmhaireoirí amhola, gáis nádúrtha agus guail san Aontas freisin;

42. á thabhairt chun suntais gurb í earnáil an iompair an t-aon earnáil ina bhfuil méadú tagtha ar astaíochtaí ar leibhéal an Aontais ó 1990 i leith agus nach bhfuil sé sin comhoiriúnach le spriocanna aeráide an Aontais;

43. á iarraidh ar an Eagraíocht Mhuirí Idirnáisiúnta bearta a ghlacadh chun astaíochtaí muirí a laghdú; á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit caibidlíocht UNFCCC a atosú maidir le hastaíochtaí loingseoireachta idirnáisiúnta a shannadh d'fhardail náisiúnta;

44. á aithint go bhfuil ionchasacht shuntasach ann chun astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú in earnáil na talmhaíochta;

45. á chur i bhfáth nach mór do gach earnáil rannchuidiú le hastaíochtaí a laghdú;

46. á thabhairt chun suntais go gcuirfidh sásra coigeartaithe carbóin ar theorainneacha an Aontais sásra éifeachtach ar fáil chun astaíochtaí ó tháirgí a allmhairítear chuig an Aontas a phraghsáil agus chun aghaidh a thabhairt ar sceitheadh carbóin lena dtacófar le glacadh na praghsála carbóin ar fud an domhain;

47. á chur i bhfáth gur gá aghaidh a thabhairt ar thionchar na hearnála teicstíle ar an aeráid agus ar an gcomhshaol;

48. á chur i bhfáth gur gá an glas-snasú a chomhrac trí oibriú i dtreo caighdeáin dhomhanda a bhunú i gcás maímh ghlasa;

49. á chur i bhfáth go mbíonn ganntanas acmhainní nádúrtha mar thoradh ar an athrú aeráide agus ar dhíghrádú an chomhshaoil, gur féidir leo coinbhleachtaí agus teannas a mhéadú, chomh maith le ganntanas bia agus tubaistí nádúrtha, agus gur cúiseanna móra iad le heasáitiú daoine agus iolraitheoirí bagartha;

*An t‑athrú aeráide agus an inscne*

50. ag cur béim ar an bhfíoras go bhfuil gá le gníomhaíochtaí níos nithiúla ó na Páirtithe uile chun gealltanais an Phlean Gníomhaíochta athnuaite maidir le hInscne a comhaontaíodh ag COP25 a chomhlíonadh;

*Ról Pharlaimint na hEorpa ag COP29*

51. á chreidiúint gur cheart go mbeadh Parlaimint na hEorpa ina dlúthchuid de thoscaireacht an Aontais ag COP29, ós rud é nach mór di a toiliú a thabhairt do chomhaontuithe idirnáisiúnta agus go bhfuil ról lárnach aici i gcur chun feidhme intíre Chomhaontú Pháras mar cheann de chomhreachtóirí an Aontais; ag dréim leis, dá bhrí

sin, go gceadófar di freastal ar chruinnithe comhordúcháin an Aontais ag COP29 i mBaki agus go ráthófar rochtain di ar na doiciméid ullmhúcháin uile; á ghealladh go ngníomhóidh sí go neamhspleách agus saor ó choinbhleachtaí leasa;

°

° °

52. á threorú dá hUachtarán an rún seo a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún, chuig rialtais agus parlaimintí na mBallstát agus chuig Rúnaíocht Chreat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide, in éineacht leis an iarraidh go scaipfí é ar gach Páirtí sa Choinbhinsiún nach den Aontas iad.